


RTÉ



Ráiteas
Geallúintí 2008



RTÉ

Ráiteas Geallúintí 2008

Ábhar mórtais ag RTÉ gurb é craoltóir seirbhíse poiblí na hÉireann é a leagann síos is a shroicheann caighdeán agus ardleibhéal fhreagrachta. Mar chuid den phróiseas sin, foilsíonn RTÉ *Ráiteas Geallúintí* bliantúil dá lucht éisteachta – geallúintí ar féidir a dtorthaí a mheas go neamhspleách ag deireadh na bliana.

Tugann an *Ráiteas Geallúintí* léargas ar fhreagrachtaí RTÉ mar a shonraítear iad sa *Chairt um Chraolacháin Seirbhíse Poiblí* a d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i mí an Mheithimh 2004. Is é aidhm na *Cairte* tuiscint a thabhairt do phobal na hÉireann ar a bhfuil á éileamh ar RTÉ ar an airgead suaithinseach poiblí a chuirtear ar fáil ón teacht isteach ar tháillí na gceadúnas teilifíse. Tugann RTÉ, sa Tuarascáil Bhliantúil, cur síos ar chomhlíonadh na ngeallúintí ar leith; tá fáil ar an gcáipéis seo ar láithreán gréasáin na heagraíochta.

Ag freagairt don *Chairt*, d'fhoilsigh Údarás RTÉ *Prionsabail Stiúrtha: Cur i bhfeidhm na Cairte um Chraolacháin Seirbhíse Poiblí* a thugann mionchuntas ar láluachanna agus aidhmeanna na heagraíochta mar aon le plean imlíneach, le gach rannóg den eagraíocht, chun na haidhmeanna a bhaint amach sa tréimhse 2004–2007. Tá na prionsabail seo tar éis a bheith forbartha agus iad mar chuid de Plean Corparáideach Straitéiseach RTÉ 2007–2011.

FÍS, MISEAN agus LUACHANNA RTÉ

I Mean Fomhair 2005 foilsíodh Creat Straitéiseach RTÉ a leagann síos fis, misean agus luachanna RTÉ. Seo mar a leanas eochaireilimintí na cáipéise sin:

Is í **Fís RTÉ** cur le muinín mhuintir na hÉireann as an seirbhís mar fhoinsé eolais agus inspioráide a léiríonn agus a shaibhrionn a saol.

Is é **misean RTÉ**:

- Éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú
- Clár agus seirbhíse sainiúla uailmhianacha de shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile
- Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an seirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir
- Feidhmiú mar an fhoinsé chomhaontaithe rannpháirtíochta náisiúnta i ngach mór-imeacht

Is iad **Luachanna RTÉ**:

- Feidhmiú ar mhaithe leis an bpobal, ag soláthar Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bhíonn cothrom, neamhchlaonta, cruinn agus dúshlanach
- Nasc a chruthú lenár lucht féachana agus éisteachta trína riachtanais a thuiscint agus a shásamh
- Seirbhís a sholáthar a bhfuil luach airgid inti
- A bheith cruthaitheach inár ngníomhartha go léir
- A bheith macánta oscailte inár ngníomhartha go léir
- Freagracht phearsanta a ghlacadh maidir le saothrú ar son chuspóirí na hEagraíochta
- A bheith freagrach don fhoireann agus plé le gach duine mar dhuine ar leith
- Saothrú le chéile chun go mbainfidh gach duine, rannóg, rannán agus an Eagraíocht uile barr feabhais amach
- Meas a bheith againn ar a chéile agus ar éagsúlacht a chéile
- A bheith bródúil as gach a ndéanaimid, as ár bhféiniúlacht agus as gach a gcruthaimid


Tá sé soiléir ó na ráitísí san go gcreideann RTÉ gurb í an muinín an bhunchloch sa ghaol leis an lucht éisteachta agus go ndéanann an Eagraíocht a dícheall a dheimhniú go nglactar go bhfuil sí neamhspleách, neamhchlaonta agus macánta ina gníomhaíochtaí go léir.


Cumarsáid Chorparáideach RTÉ

- Agus *Plean Corparáideach Straitéiseach, 2006-2010* RTÉ tar éis a fhoilsiú i mí an Mhárta 2006, foilsíodh an dara atriail i mí Iúil 2007. Is áis thábhachtach an doiciméad seo, a bhfuil monatóireacht ar bhonn leanúnach á dhéanamh air ag an mBord Feidhmeannais agus ag an Údarás, chun pleanáil straitéiseach leanúnach a chinntiú ar fud na heagraíochta. Foilseofar an tríú atriail den *Plean Corparáideach Straitéiseach* ag deireadh 2008
- Leanfaidh RTÉ de bheith ag obair leis an Roinn Chumarsáide, Mhara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) agus le Comhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid, Mhuir agus Acmhainní Nádúrtha, chun reachtaíocht chraoltóireachta chuimsitheach a fhorbairt
- Ghlac an tÚdarás leis an gcéad tuarascáil Freagracht Chorparáideach i 2006; foilsíodh ansin í agus rinneadh scaipeadh forleathan uirthi. D'fhoilsíodh an dara heagrán i 2007 agus foilseofar an tríú heagrán i 2008
- Sa bhliain 2008 comhdhlúthófar an tseirbhís aistriúcháin Gaeilge a rinneadh piolótú uirthi i 2007, mar chuid den

ullmhúchán le go mbeidh RTÉ i riocht forálacha uile Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh nuair a bheidh feidhm acu maidir le RTÉ

- Bhunaigh RTÉ, le linn R3 2007, Painéal Freagartha Luchta Éisteachta agus Féachana a chomhdhlúthófar le linn 2008 chun bealach díreach cumarsáide a sholáthar idir shampla ionadaíoch den lucht éisteachta agus féachana agus RTÉ
- I rith 2008, beidh RTÉ ina chomhpháirtí le hOifig Iompair Átha Cliath sa bhfeachtas chun úsáideoirí gluaisteán a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as brú tráchta a laghdú. Cuirfimid an feachtas chun cinn i measc ball foirme iomlán RTÉ agus cuirfimid plean taistil ionaid oibre i bhfeidhm i rith 2008
- Leanfaidh RTÉ lena idirghníomhaíocht leis an aos óg i gcomhthéacs oideachasúil agus eolaíochta, agus lena sheirbhís orthu trí ról urraíochta sa chomórtas Eolaí Óg BT
- Faoi dheireadh 2008 foilseoidh RTÉ plean gníomhaíochta um ilchultúrachas – ilchineálacht chultúrtha a phríomhshruthú ar fud aschurtha, oiliúna fóirne agus earcaíochta





RTÉ ONE

Drámaíocht RTÉ

Dráma coireachta mór-ratha ag filleadh; leagan úrnua don scáileán de dhráma iomráiteach á chraoladh go heisiach ar RTÉ; an fíorscéal uafásach laistiar de cheann de na scannail leighis is tuamhéalaí againn á athsint: cuirfidh Drámaíocht RTÉ faoi gheasa tú i 2008

- ♦ *Single-handed*: tá an Sáirsint Jack Driscoll ar ais chun leanbh ar iarraidh a aimsiú sa tráthchuid nua dhá pháirt den dráma coireachta mór-ratha
- ♦ *BitterSweet*: trí dhomhain an-éagsúla, triúr ban an-éagsúla – ach mar a chéile a gcásanna triúr. Dráma nua d'fhad scannáin do RTÉ atá i *Bittersweet*
- ♦ *Whistleblower*: le scéal faoi mheanman agus treise sheasamhach spioraid an duine, rianaíonn *Whistleblower* scéal triúr carachtar ficseanaithe, triúr a bhí sásta, agus iad ag tabhairt aghaidh ar aincheist ghairmiúil, dúshlán an status quo a thabhairt ar thóir na cirte
- ♦ *Eden*: scannán fada bunaithe ar an dráma stáidse iomráiteach le Eugene O'Brien

Leanfar le *Fair City* le ceithre eipeasóid in aghaidh na seachtaine

Cláir Fhíorasacha RTÉ agus Cláir Eagsúlachta RTÉ

Ag díriú ort i do shaoránach, ní i do thomhaltóir amháin, léiríonn aschur fíorasach RTÉ an Éire agatsa agus i ag teacht chun cinn, agus cuireann dúshlán fúithi. Filleadh *Hidden History* agus *Arts Lives* i 2008 taobh le níos mó sraitheanna clár fíorasach ná riamh roimhe seo, réimse sraith nua mar *Ancient Vision*, *The Importance of being Irish* agus *The Limits of Liberty* san áireamh.

Sa bhliain 2008 tabharfaidh cláir fhíorasacha RTÉ réimse éagsúil de ghuthanna agus de thráchtairí chugat. Ó Dhiarmuid Ferriter go David Coleman, ó Liz O'Donnell go George Lee, ó Mark Little go Des Bishop, ó Marie Cassidy go John Banville, fiosróidh Cláir Fhíorasacha RTÉ físeanna uathúla cuid dár nguthanna is aonánaí.

I measc na gclár nua beidh:

- ♦ *Arts Lives*: ocht gclár faisnéise *Arts Lives* nua faoi ealaíontóirí chomh héagsúil le Ronnie Drew agus John Banville
- ♦ *Ancient Vision*: an bhfuil ar ár gcumas roinnt de shuíomhanna ársa Éireann is iocónaí a atógáil? É sin díreach a dhéanamh atá mar chuspóir ag an tsraith dhá pháirt seo, agus íomháú Ríomhghinte ar chaighdeán

príomhscannáin in úsáid aici

- ♦ *21st Century Child*: Rianaíonn David Coleman, siceolaí, forbairt grúpa leanbh ó roimh a mbreith tríd an chéad sé mhí dá saoil
- ♦ *Science Friction*: Scrúdaíonn ceithre chlár faisnéise comhaimseartha conspóideach péidifíla, taighde gaschille, fuinneamh núicléach agus murtall
- ♦ *Cromwell in Ireland*: mórsraith nua faisnéise dhá pháirt d'fhad 1 u/c a dhéanfaidh athchruthú grafach ar an ionradh is trámaí i stair na hÉireann

Tá ríméad ar RTÉ chomh maith filleadh na gclár seo leanas a fhógairt: *Surgeons* agus *Future Shock*, na sraitheanna *Gaeilge Oileán*, *Scannal* agus *Léargas*; sraith nua faoi mhíchumas; agus na sraitheanna ilchultúrtha *What in the World?*, *Faraway Up Close* agus *No Place Like Home*. Idir an dá linn, beidh RTÉ ag fógairt réimse sraitheanna nua tiomnaíthe don tsláinte, don fhaidhúlra, don choireacht, do chúrsaí tuaithe agus do lítearthacht, iad ar fad le craoladh i 2008.

Cláir Stíl Maireachtála RTÉ

Claochlaíonn cláir stíl maireachtála RTÉ do lá i ndáiríre. Ó vardrúis go seomraí, lasmuigh agus laistigh, ó ghairdín go gairéid, tá níos mó clár nuálach geallta ná riamh roimhe seo.

- ♦ *Not Enough Hours*: sraith nua faoi dhéileáil leis na deacrachtaí a bhaineann le mear-luas an bhrú a ghabhann leis an saol nua-aimseartha
- ♦ *Guerrilla Gourmet*: príomhchócairí na hÉireann mar phríomhghné, ar mire ag cócaireacht gan a bheith go compordach i gcistíní ard-sonraíochta a mbialann féin
- ♦ *Marry Me*: an mian leat ceiliúr pósta a chur go huathúil, sonrach? Murar mian, tiún isteach agus Pamela Flood RTÉ á gcur siúd i láthair a rinne sin go háirithe do RTÉ.
- ♦ *Who Do You Think You Are?*: rianaíonn iomráitigh Éireannacha a ndúchas ginealais
- ♦ *Designs for Life*: agus é os cionn dhá bhliain á léiriú, leanann an tsraith uathúil seo tionscadail ar aghaidh ó dheardh go críoch

Bliain i ndiaidh bliana seachadann Cláir Stíl Maireachtála RTÉ clár ort gur mian leat breathnú orthu, nuair is mian leat breathnú orthu. Cuirfidh fáilte ar ais i 2008 roimh *No Frontiers*, *Life Without Me*, *How Long Will You Live?*, *The Afternoon Show*, *Seoige and O'Shea*, *Room to Improve* agus *Show House*, chomh maith le sraitheanna nua cócaireachta agus féinfheabhsaithe a nochtadh.

Siamsaíocht RTÉ agus Ceol RTÉ

Agus iad ag díriú ar bhreis uaireanta siamsaíochta thar mar a bhí i 2007, is i Siamsaíocht RTÉ a bheidh mar chéad rogha agat sa bhliain 2008.

- ♦ *The Ultimate Guide To Everything*: roghnaíonn an núiosach teilifíse, Mairead Farrell sé leabhar féinchabhrach le tástáil le fíor-dhaoine i bhfíor-chúinsí
- ♦ *How Low Can You Go?* filleadh agus na buachaillí ag taisteal trasna Meiriceá, chomh maith le sraith thoraidh nua

Siamsaíocht RTÉ agus Ceol RTÉ

Naked Camera, *The Podge and Rodge Show*, *The Panel*, *Soupy Norman*, *Dan & Becs*: bhí 2007 uailmhianach ach tá 2008 níos uailmhianach fós. Chomh maith le geanchríos nua trialach, is féidir le lucht féachana a bheith ag súil le

- ♦ *Makin' Jake*: tugann PJ Gallagher a shainiúlacht malairte chuig SAM
- ♦ *Living With Lucy*: pacálann Lucy Kennedy a pitseáma agus bogann isteach le roinnt iomráiteach Éireannach agus idimáisiúnta
- ♦ Bí ag faire amach le haghaidh tuilleadh geandráma gearr ar Two, freisin!

Cláir don Aos Óg RTÉ

Sa bhliain 2008 tabharfaidh RTÉ chuig an lucht féachana sóisearach beagnach 800 – sea, 800 – u/c de chlár úrnua de léiriúcháin baile. É siamsúil, dúshlánach agus

RTÉ Television

Tá méadú tábhachtach tar éis teacht san infheistíocht i gclár teilifíse de léiriú baile; rud is léir do lucht féachana agus an méid suntasach d'ábhar nua atá ag breisiú Sceideal Teilifíse RTÉ. Léiríonn na táblaí a leanas cuid de na forbairtí seo:

Léiriú baile – an dá chainéal, am iomlán

Séanra	2005	2006	2007	2008
	↑UAIREANTA IARBHÍR↓			↑OS-SPRIOC
Cláir don Aos Óg	738	889	850	788
Spóirt	767	899	811	969
Nuacht/Cúrsaí Reatha	1128	1210	1226	1167
Fotheidealú	4820	5970	6861	6700

Léiriúcháin baile – buaicam, RTÉ One

Séanra	2005	2006	2007	2008
	↑UAIREANTA IARBHÍR↓			↑OS-SPRIOC
Drámaíocht	125	127	134	126
Fíorasach	361	385	383	377
Ceol/Siamsaíocht	266	282	282	263

Athruithe i bpolasaithe clár is cúis leis an laghdú sna h-u/c

- ♦ Fillfidh do chéad rogha, *The Late Late Show*, i 2008 taobh le taobh le *Tubridy Tonight*, *Winning Streak* agus *You're a Star*
- ♦ Déanfaidh Siamsaíocht RTÉ a gheallúint a athnuachan do chlár faoi eochairimeachtaí náisiúnta ó *The Rose of Tralee* go *IFTA Awards*, breac le sár-thaibheoirí.
- ♦ Tabharfaidh *Come West Along the Road*, *Fleadh Ceoil*, agus *The Full Set* dúchas saibhir ceoil traidisiúnta na hÉireann chuig lucht féachana forleathan
- ♦ Siar chun buntuis leat le *EuroSong '08* agus tú ag roghnú d'iaracht *Eurovision* féin do Bhealgrád 2008

RTÉ TWO

Drámaíocht RTÉ

Fan linn le haghaidh tuilleadh drámaíochta ar Two:

- ♦ *Little White Lies*: dráma úr nua d'aoisigh shóisearacha. Aisteoir gan rath is ea Barry a bhfuil an saol agus an ghairm bheatha go hainnis aige ó chuir a shárghníomhaí de chailín críoch lena gcuman
- ♦ Beidh tús áite ag RTÉ Two chomh maith ag craoladh na ngné-dhrámaí páirt-mhaoinithe ag RTÉ, *Pavee Lackeen*, *Winters End*, *Short Order*, *Country*, agus *Love and Rage*

Cláir Fhíorasacha RTÉ agus Cláir Stíl Maireachtála RTÉ


Tá an bhéim ar léiriúcháin baile d'ard-chaighdeán ar RTÉ Two, le filleadh roinnt de chlár mór-ratha na bliana anuraidh, agus roinnt clár nua chomh maith


- ♦ *Hollywood Trials*: lean deichniúr aisteoir dealraitheach – agus roinnt a bhí aithnídiúil tráth ina measc – agus iad ag tabhairt faoi Hollywood

faisnéiseach, tairgeann RTÉ cláir do pháistí réamhscoile, do dhéagóirí agus d'aoisigh óga araon.

- ♦ *One Minute Jr*: cuirfidh ár malartú ilardáin idimáisiúnta uathúil ar chumas tuilleadh páistí a ngearrscannáin féin a dhéanamh
- ♦ *Mini Myths and Legends*: sraith nua bheoite de chraoladh beo agus stair áitiúil agus scéalta béaloidis mar phríomhghné di
- ♦ *Teenology*: sraith nua sheachtainiúil de gheardhrámaí beoite ag imlíniú céard atá i gceist le bheith i do bhall cláraithe de náisiún na ndéagóirí
- ♦ *Watch Your Language*: sraith de thráth na gceist teanga-bhunaithe do leanáí faoi aois 12
- ♦ *Star on Ice*: sroicfear buaic seó tallainne RTÉ Two do pháistí faoi aois 12 le babhta ceannais speisialta aonuaire amháin

Bíodh lucht féachana sóisearacha san airdeall freisin do *Den Tots*, *Story Lane* agus *The Bandstand* le haghaidh páistí réamhscoile; *The Art of Don*, *Sattitude*, *Quizone* agus *Jam* le haghaidh páistí faoi aois 12; *Eye2Eye*, *TTV* agus *The Café* le haghaidh déagóirí agus aoisigh óga.





Spórt RTÉ

Ní caitheamh aimsire pléisiúrtha amháin an spórt do mhórán againn, ach cuid lárnach dár saoil laethúil chomh maith. Leanfaidh Spórt Teilifíse RTÉ lena gheallúint do sceideal iomlán, ilghnéitheach d'imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta sa bhliain 2008. Agus an tuairisciú socraithe chun fáis ó 652 u/c i 2007 go 969 u/c i 2008, feicfidh tú ó gach cearn é ar RTÉ.

CLG

Tairgeoidh The Sunday Game Live tuairisciú ar 40 cluiche beo as Craobhcluichí 2008, agus na buaicphointí go léir ar The Sunday Game gach oíche Dhomhnaigh. Tairgeoidh Sunday Sport, The Road to Croker agus Pride of the Parish, sraith nua shé pháirt, dearcadh úr ar chuailí báire sior-luaileacha CLG.

Sacar

Tráth Euro 2008 – agus beidh tuairisciú ag RTÉ ar 31 cluiche, 27 díobh beo ar RTÉ. Beidh gach cluiche baile Éireann i gcluichí cáiliúcháin an Choim Dhomhanda againn agus ar ndóigh, beidh tuairisciú mhoillithe ar chluichí cairdeachais baile na hÉireann. Rianaíonn *Champions League* buaic shéasúir 2007/2008 ar oíche Mháirt agus Chéadaoin agus, chomh maith leis na cluichí beo, soláthróidh RTÉ buaiceanna cuimsitheacha agus tuairiscí ó na cluichí uile sa chomórtas. Soláthróidh *The Premiership* athbhreithniú agus anailís chuimsitheach ar chluichí uile an lae ó Phríomh-Shraithchomórtas Shasana. Craolfaidh RTÉ deich gcluiche beo de shraithchomórtas Eircom agus tuairisciú beo ar ar chluichí leathcheannais agus ar Chluiche Ceannais Chorn CSÉ (FAI). Craolfaidh RTÉ freisin 36 chlár buaicphointe d'fhad uaire le linn príomhama.

Rugbaí

Tairgidh RTÉ tuairisciú beo ar an 15 chluiche uile de Chraobhcluichí 2008 na Sé Náisiún. Beidh tuairisciú

bheo againn ar chluichí idirnáisiúnta an Fhómhair agus buaiceanna forleathana de chluichí uile na Mumhan agus Laighean sa Chorn Heineken, sa bhaile agus as baile. Filleann *Against The Head* agus beidh trí chluichí beo againn den chomórtas club baile, an cluiche ceannais san áireamh.

Rásaíocht Capall

Gheobhaidh lucht féachana RTÉ 31 lá de chraoladh beo ar na laethanta baile is mó agus is tábhachtaí sa séasúr ar an réidh agus séasúr an National Hunt, seacht lá ag féile na Gaillimhe san áireamh, mar aon le tuairisciú beo ar an gceithre lá uile ó Cheltenham, tuairisciú beo ar an Aintree Grand National agus rásaíocht beo ó Goodwood agus Kempton.

Cluichí Oilimpeacha

Tá súil ag RTÉ 16 u/c de chlár a thairiscint in aghaidh an lae, ar feadh dhá sheachtain na gcluichí Oilimpeacha, maraon le sé chlár speisialta d'fad leathuaire ar na cluichí Parailimpeacha.

Dornálaíocht

Breathnaigh ar thuirisciú beo ar throideanna Bernard Dunne, John Duddy & Andy Lee chomh maith le tuairisciú beo ar Shraithchomórtas Aimitéireach na hÉireann.

Luthchleasaíocht

Craolfaidh RTÉ tuairisciú beo ar an gCraobhchomórtas Náisiúnta Lúthchleasaíochta, ar Chraobhchomórtas Treastire na hEorpa agus ar Chraobhchomórtas Faoi Dhíon na hÉireann.

Eile

Tiún isteach ar Spórt Teilifíse RTÉ, an t-aon cheann scribe agat um

- Chispheil.
- Rásaíocht con
- Seólímneach CRBÁC.

Haca

- Galf: Craoladh beo ar Chraobhchomórtas Oscailte na hÉireann
- Camógáíocht. Tuairisciú beo ar Chluiche Ceannais na hÉireann.

Achoimre

Sa bhliain 2008 tá sé beartaithe ag Spórt RTÉ . . .

- leanúint air mar phríomh-sholáthraí spóirt saorchraolta ar theilifís na hÉireann
- tuairisciú ar 40 cluiche ó Chluichí Craoibhe 2008 den CLG a ostáil
- cluichí baile uile na hÉireann i gCluichí Craoibhe na hEorpa a chur beo ar scáileán
- tuairisciú beo ar shéasúr 07/08 a thairiscint le Champions League
- achoimre chuimsitheach ar chluichí uile an tSathairn sa Phríomh-Shraithchomórtas a sholáthar
- tuairisciú beo a sholáthar ar an 15 chluiche uile den RBS 6 Nations
- 31 lá de rásaíocht capall beo a thabhairt chuig lucht féachana, ceithre lá uile Cheltenham san áireamh
- tuairisciú beo ar Chraobhchomórtas Lúthchleasaíochta Faoi Dhíon na hEorpa
- dul chun cinn Bernard Dunne Éireann a leanúint chomh maith le buaicphointí sínithe de Shraithchomórtas Aimitéireach na hÉireann a chur ar scáileán

Fotheidealú

Méadóidh RTÉ in athuair a uaireanta fhoththeidealaithe ó 6320 u/c i 2007 go 6700 u/c i 2008. Is é atá mar aidhm againn i 2008 ná fotheidealú a dhéanamh ar thuirisciú na nuachta agus cúrsaí reatha agus na príomh-réamhaisnéisí aimsire ar fad ar an dá chainéal chomh maith leis an bhfotheidealú ar chlár don aos óg a mhéadú. Déanfaidh RTÉ fotheidealú ar an tuairisciú uile ar CLG i 2008.

CLÁIR ÓCÁIDE

Thug RTÉ sleachta ócáide neamhspleácha éagsúla chuig lucht féachana, ó *RTÉ Playboy 100* go *RTÉ Telethon*. Tá na pleananna díreach chomh huailimhianach i mbliana:

Health Watch: imeacht fad-seachtaine é seo le gach ardán de chuid RTÉ. Ag díriú ar an sláinte, ar aiste bia, ar chleachtadh coirp agus ar laghdú meáchain, nochtfaidh RTÉ sraithanna nua (*Operation Transformation*, *Future Shock*, *Science Friction*) le comhtharlú leis an seachtain téamaithe, chomh maith le míreanna laethula a thairiscint ar theilifís, ar raidió agus ar líne.

CARTLANN

Is de dhlúth agus d'inneach saol na hÉireann é RTÉ, agus sa bhliain 2008 leanfaimid de sheoda na cartlainne a roinnt le lucht féachana chomh forleathan agus is féidir.

- *Hostages*: tugann sraith nua shé pháirt athchuir ar scéalta Éireannacha a thug aghaidh ar thráma an fhuadaigh
- *War Stories*: an Chóiré agus An Congó: diríonn dhá shraith nua ar na saighdiúirí Éireannacha a bhí gafa sa chrosálmhach
- *Disasters*: filléann don dara shraith
- *On The Street Where You Live*: tabhair turas síos sé chinn de bhúlbairead iomráiteacha na hÉireann ó Shráid Uí Chonaill agus Shráid Grafton go Sráid Phódraig Chorcaí, Luimneach agus tuilleadh

Déanfaidh foireann thiomanta cartlainnaí agus speisialtóirí athchóirithe RTÉ athchóiriú ar shraithanna clasaiceacha Theilifíse RTÉ le craoladh sa bhliain 2008, *Murphy's Australia*, *I Live Here* agus *Boat Spotting* san áireamh.



RTÉ Radio

Sa bhliain 2008, deimhneoidh Raidió RTÉ 1 éagsúlacht áitiúil agus réigiúnach a sheirbhíse náisiúnta i gclár faoi

- Pholaitíocht – agus an *Late Debate* ag teacht trí huairé in aghaidh na seachtaine as lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Dhrámaíocht, ceol agus na healaíona – ina thuiriscíú ar fhéilte ealaíon áitiúla, ina thionscail drámaíochta agus ceoil pobail, agus ina cheardlann Shakespeare le haghaidh mac léinn; agus
- Éire ilchultúrtha – le tagairt ar leith d'imeachtaí na Seachtaine Idirchultúrtha i mí an Aibreán.

Tar éis tionscail *Judging Dev* sa bhliain 2007, is é téama staire Radio 1 i mbliana ná an Cogadh Mór (1914-18). Taiscéalfaidh *The Planet Earth Roadshow* na geo-eolaíochtaí agus na dúshláin chomhshaoil. Ag Cluichí Oilimpeacha Beijing, tabharfaidh Radio 1 tuairisc ar lúthchleasaithe na hÉireann, agus cuimseoidh buaic-chláir spóirt na bliana idir shacar agus rugbaí idirnáisiúnta.

Tá beartaithe ag RTÉ 2fm

- coinneáil lena thacaíocht leis an idirbhliain agus le mic léinn Ardteistiméireachta;
- a chinntiú go leanfaidh an stáisiún sa phríomhát le haghaidh ceoil beo ar FM agus ar an seirbhís dhigiteach nua 2XM tré tuairiscíú ar imeachtaí, ar choirmeacha ceoil agus ar thurais;
- tacú le dhá bhanna Éireannach ag féile Eurosonic 2008; agus,
- athnuachan a dhéanamh ar a ghealltanais do nuacht, do chúrsaí reatha, do spórt, agus do cheol malartach.

Tá RTÉ Raidió na Gaeltachta tiomanta do dhúbailt, beagnach, a dhéanamh ar a aschur clár réigiúnach i séanraí éagsúla, gnéchláir agus ceol san áireamh. Leanann an stáisiún de bheith fréamhaithe sna pobail Ghaeltachta agus é ag leanúint air ag mealladh Gaeilgeoirí ar fud na tíre agus thar lear. Beidh méadú beag in aschur na léiriúcháin fíorasach agus drámaíochta, agus soláthróidh Raidió na Gaeltachta tráchtairéacht agus tuairiscí ó chluichí Oilimpeacha 2008.

Déanfaidh RTÉ lyric fm forbairt ar a chlár leis an gceol is fearr, le blas a shásamh do chineáil éagsúla ceoil, idir chlasaiceach agus chomhaimseartha, idir shnagcheol agus ceol traidisiúnta agus domhanda, agus le dúshlán a thabhairt. Chomh maith lena chroí-thairiscint ceoil, tá lyric fm tiomanta do

- chlár ealaíon labhartha chomhaimseartha a léiriú,
- thionscadal oideachais for-rochtana de 45 chuairt ar scoileanna agus ar choláistí a chothabháil, agus
- sheirbhís iomlán d'fheasacháin nuachta a sholáthar.

Leanfaidh an tuairiscíú ar fhéilte réigiúnacha agus ar imeachtaí cultúrtha agus déanfaidh Lyric fm ionadaíocht do RTÉ i gclár malairte Aontais Craolacháin na hEorpa um léirithe clasaiceacha agus ceolchoimeacha ceolfhoirneacha. Déanfaidh an stáisiún óstáil ar an Rostrum Idirnáisiúnta Cumadóirí a thiofáidh le chéile in Éirinn don chéad uair i 2008.



RTÉ News and Current Affairs

RTÉ ONE

Cuimseoidh aschur RTÉ One i 2008 1,005 u/c d'ábhar a léireoidh RGL (IBD) Nuachta agus Cúrsaí Reatha, lena n-áireofar:

- 564 u/c d'ábhar a chraolfar le linn buaicama
- Tuairiscíú chuimsitheach nuachta agus cúrsaí reatha
- Clár iniúchacha cúrsaí reatha
- Sraith agallamh pearsanta *One to One*
- *Nuacht* agus *Cinnlín Nuachta* de 55 u/c; *Pobal* agus *Nuacht Pobail*
- *Nationwide*, *Capital D*, *Oireachtas*, *European Parliament* agus *The Week in Politics*

RTÉ TWO

Soláthróidh RGL (IBD) Nuachta agus Cúrsaí Reatha:

- 84 u/c de nuacht, 69 u/c de bhuaicam san áireamh
- 32 u/c de chlár don Aos Óg, *news2day*

Geallúintí RTÉ do TG4

Nuacht laethúil, clár fhaisnéise nuachta, clár réigiúnach samhraidh agus Nuacht (Nuacht Pobail)

Tá RGL (IBD) Nuachta agus Cúrsaí Reatha ag beartú na clár seo a leanas a sholáthar le haghaidh na sceideal raidió:

- 1228 u/c le haghaidh RTÉ Radio 1; feasacháin, *Morning Ireland*, *Nuacht*, *News at One* agus *This Week* san áireamh
- 370 u/c le haghaidh RTÉ 2 fm, feasacháin agus *Nuacht* san áireamh
- 130 u/c de sholáthar díreach le haghaidh RTÉ lyric fm

RTÉ Performing Groups

I rith 2008, tabharfaidh Grúpaí Oirfide RTÉ iomlán de 190 de léiriú poiblí.


Ar na léirithe seo beidh:

- 62 - Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (RTÉ NSO)
- 6 - RTÉ NSO le Cór Fiolarmónach RTÉ
- 80 - Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ (RTÉ CO)
- 30 - Ceathairéad Vanbrugh RTÉ
- 9 - Cór na nÓg RTÉ
- 3 - Aoi-Ensembles

Rachaidh Grúpaí Oirfide RTÉ i mbun iomlán de 84 sheimh, de cheardlanna agus de chainteanna oideachais agus beidh siad gafa le Teilifís, le Raidió agus le Taifeadadh.

RTÉ Publishing new logo required

- Suíomh nua Bia a sheoladh ar RTÉ.ie
- Branda RTÉ a shíneadh chuig lucht éisteachta agus féachana nua trí thionscail ilmheán.
- Iompraíocht lucht éisteachta agus féachana atá ag athrú a réamh-mheas, agus freastal uirthi trí ábhar agus sheirbhísi nua ó RTÉ a sholáthar ar fhóin póca agus ar ardáin mhóibíleacha agus leathanbhanda, agus ar ardáin atá ag teacht chun cinn
- An lucht féachana reatha ar líne a mhéadú trí chur le húsáid mhíosúil de 20% ar a laghad
- Rochtain ar Aertel a mhéadú mar sheirbhís choiteann fhaisnéise ar ardáin nua
- A chinntiú go ndéantar gach uile gníomhaíocht theileafóin agus chomórtais idir lucht éisteachta agus féachana Teilifíse agus Raidió a choinneáil ar an gcaighdeán is airde ionracais
- Sruthú beo IPTV ar réimse clár faighte, ó láithreán Gréasáin RTÉ.ie
- Tuairisceoireacht a sholáthar ar an seachtain ilchultúir ar RTÉ.ie agus sa RTÉ Guide



Geallúintí i leith na Gaeilge 2008

RTÉ

RTÉ Radio

RTÉ RADIO 1

- Tá geallúint ag Raidió, sa bhliain 2008, cláir Ghaeilge a bheith mar chuid lárnach dár n-aschur clár. Leanfaimid d'aschur laethúil de nuacht a sholáthar agus beidh slótáin cheaptha Ghaeilge de leath uair a chloig againn ar bhonn seachtainiúil. Gabhfaidh RTÉ Radio1 de láimh cláir nua a choimisiúnú ar fud réimse séanra agus cuirfidh chun cinn imeachtaí agus féilte a bhfuil cion suntasach Ghaeilge d'ábhar iontu. Tá Raidió RTÉ tiomanta do spreagadh na cruthaitheachta sa Ghaeilge agus leanfaidh d'urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí mar Dhrámaíocht Nua Ghaeilge ag Féile an Oireachtais chomh maith le rogha de Dhrámaí Ghaeilge a tharchur i 2008
- Déanfaidh Raidió RTÉ spreagadh gníomhach ar úsáid na Gaeilge ina aschur clár ginearálta agus go háirithe i rith imeachtaí mar Sheachtain na Gaeilge mar a ndéanfar fógraí leanúnachais as Gaeilge agus mar a mbeidh amhráin le liricí as Gaeilge áirithe i measc na gclár ceoil ar fad
- Sa bhliain 2008 cuirfidh Raidió RTÉ painéal de léiritheoirí nua le chéile agus táthar ag súil go mbeidh cumas Gaeilge ag roinnt ach siúd a earcófar

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Comhlíonfaidh RTÉ Raidió na Gaeltachta a ról mar phríomhsheirbhís raidió Ghaeilge um éisteachaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Go sonrath, déanfaidh RTÉ Raidió na Gaeltachta:

- A aschur réigiúnach a fhorbairt le tuilleadh clár ó ionaid uirbeacha mar Luimneach, Shligeach, Bhéal Feirste agus Phort Láirge a chuimsiú
- A láithreacht san Oirthear a fheabhsú agus a fhorbairt tré shraith níos fairsinge de Chraolta Seachtracha
- Tuairiscí cuimsitheacha ar phríomhimeachtaí spóirt na bliana 2008 a thairiscint, na Cluichí Oilimpeacha ó Beijing agus cluichí Sraithchomórtais Náisiúnta agus Craobhchomórtais CLG san áireamh
- Cur lena uaireanta fíorasacha craolta bliantúla, le snáitheanna seachtainiúla cúrsaí reatha agus liteartha a chuimsiú
- Dlúthdhiosca ag comórath 35 bliana de Chorn Uí Riada, an Comórtais Sean-Nóis, chomh maith le dlúthdhiosca ag ceiliúradh an cheoil agus na hamhránaíochta atá taifeadta ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ag Scoil Samhraidh Willie Clancy ó 1972 i leith
- Cur le réimse na gclár atá ar fáil le podchraoladh. Áirítear orthu seo *Nuacht a hAon*, *Rónán Beo@3*, *Focal Faire* agus *Céim ar Chéim*.

RTÉ 2fm

Déanfaidh RTÉ 2FM

- a sheirbhís Nuachta a choinneáil, dhá uair sa lá, Luan go hAoine
- Tacú le Seachtain na Gaeilge agus tionscnaimh Ghaeilge agus chultúrtha eile
- Cúnamh a thabhairt do mhic léinn an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta tré na cláir treoracha bliantúla um scrudú (craoladh agus podchraoladh)

RTÉ lyric fm

Leanúint lenár sraith cheoil *Ag Rince le Ceol* ina roghaíonn aoiáithreoirí a rogha féin de phiosáí ceoil. 13 u/c de chláir Ghaeilge le craoladh i 2008.

RTÉ Television

RTÉ ONE

In the Name of the Fada - tionscnamh foghlama móréilimh, comhaimseartha.

Is éard atá sa tionscnamh nua ná sraith leis an bhfuirseoir, Des Bishop, agus é ag cur chuige chun Gaeilge a fhoghlaim, agus chun teacht ar thuiscint níos fearr ar chultúr na hÉireann. Beidh ábhar ar líne ag gabháil le *In The Name Of The Fada*, a chuireadh comhpháirt shimplí foghlama teanga. Déanfar athchraoladh ar an ardsraith foghlama, Turas Teanga, i ndiaidh an tionscnaimh seo. Cuirfear tús le tarchur *Turas Teanga Dé Domhnaigh 20ú hAibreáin*, an Domhnach tar éis an chláir dheireanaigh de *In The Name Of The Fada* agus craolfar gach deireadh seachtaine é go 5ú Mheán Fómhair. Mairfidh an rochtain ar líne don dá chúrsa agus beidh sí ina háis luachmhar dóibh siúd ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim. Bíonn pacáiste foghlama iomlán *Turas Teanga* – an leabhar, agus trí dhlúthdhiosca, ar díol i gcónaí as siopa RTÉ.

RTÉ TWO

Fluffy Gardens – Tá an tsraith arís i sceideal *Den Tots* i 2008, agus an leagan Ghaeilge á chraoladh 5 lá sa tseachtain ag 13.20. Tá sé beartaithe é a chraoladh arís faoi dhó ar a laghad i 2008

RTÉ Performing Groups


Leanfaidh Grúpaí Oifide RTÉ de chothú a chumas ealaíne chun ceol, idir bheo agus thaifeadta, sa Ghaeilge, a léiriú, go príomhúil trína chór amaitéarach leanaí, Cór na nÓg, agus cuirfidh sé an ceol sin ar fáil le haghaidh craolta ar ardáin meán eile RTÉ, Raidió na Gaeltachta agus ar líne san áireamh.


RTÉ News and Current Affairs

- Coinneáil leis na leibhéil reatha foirne le hinniúlacht Ghaeilge.
- Leanúint d'fhorbairt Pobail mar chláir dátheangach
- Tuairiscí réigiúnach Nuachta a fhorleathnú le láithreacht fírisiseoirí i Maigh Eo agus Conamara Thuaidh.

RTÉ Publishing

- Suíomh Gréasáin Gaeilge: aschur Gaeilge ar fud na seirbhísí ar fad a chomhbhailiú ar thairseach choiteann, a chuireadh cíosábhair agus físisábhair mar Nuacht, Pobal.





RTÉ Television

Teilifís RTÉ - logo?

Geallúintí Clár 2008

RTÉ ONE buaicam

Séanra: **Drámaíocht**

Uaireanta 2007: 134

Uaireanta Sprice Íosta 2008: 126

- ♦ *Single-handed*: 2 x 1 u/c. Tá an Sáirsint Jack Driscoll ar ais chun leanbh ar iarraidh a aimsiú
- ♦ *BitterSweet*: 1 x 90 nóiméad. Scéal soirbh faoi triúr chara, aontaithe in athuair, atá anois sna daichidí luatha – Trí dhomhain an-éagsúla, triúr ban an-éagsúla – ach mar a chéile a gcásanna triúr
- ♦ *Whistleblower*: le scéal faoi mheanman agus treise sheasamhach spioraid an duine, rianaíonn Whistleblower scéal triúr carachtar ficseanaithe, triúr a bhí sásta, agus iad ag tabhairt aghaidh ar aincheist ghairmiúil, dúshlán an status quo a thabhairt ar thóir na cirte.
- ♦ *Eden*: bunaithe ar dhráma den ainm chéanna le Eugene O'Brien

Séanra: **Fíorasach**

Uaireanta 2007: 383

Uaireanta Sprice Íosta 2008: 377

Sraith nua de *Arts Lives*

- ♦ Ar na hábhair i 2008 beidh: John Banville, úrscéalaí; Graham Linehan, geanscríbhneoir; Banna Céilí Chill Fhionnúrach; Ronnie Drew, ball de na Dubliners, Patrick McCabe, úrscéalaí agus scríbhneoir scáileáin; Nóirín Ní Riain, amhránaí agus cuntas an cheamara chúlráidigh ar mháistir-rang bliantúil John O'Connor i Positano, san Iodáil

Sraith nua de *Hidden History*, áireofar i measc na n-ábhar:

- ♦ *Cromwell in Ireland*: dhá chlár faisnéise uair a chloig le drámaíocht, athchruthú agus sraitheoga uailmhianacha d'Íomháu Ríomhghinte (CGI) ag sonrú an ionraidh is trámaí i stair na hÉireann
- ♦ *The Last Confession of Alexander Pearce*: athchruthóidh an clár faisnéise drámaíochta ard-bhuiséid seo, atá cómhaoinithe ag RTÉ / ABC agus CSTÉ (NIFTC), ar scéal suntasach éalaithe ón Tasmáin sna 1820anna, scéal príosúnaigh ó Mhuineachán agus a chanabhlacht, a bhí ina scéal cheannlíne ar fud an domhain
- ♦ *Summer of Sorrow*: comhléiriú dhá pháirt le History Channel Canada ag plé leis an mbrúcht farraige de dhéanaithe Éireannacha a phlódaigh isteach i gcathair Toronto sna 1840í

Sraitheanna Staire nua eile:

